AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 26.11.2024
COM(2024) 715 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na Fionlainne

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na Fionlainne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263, agus go háirithe Airteagal 17 de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún,

De bharr an mhéid seo a leanas:

BREITHNITHE GINEARÁLTA

(1) Tháinig creat rialachais eacnamaíoch athbhreithnithe de chuid an Aontais i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024. Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach[1], mar aon le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 leasaithe maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme[2], agus le Treoir 2011/85/AE leasaithe ón gComhairle maidir le creataí buiséadacha na mBallstát[3], is príomhghnéithe de chreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais iad. Is é is aidhm don chreat inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí agus fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú trí bhíthin athchóirithe agus infheistíochtaí. Leis an gcreat, cuirtear úinéireacht náisiúnta chun cinn agus dírítear ar an meántéarma, i gcomhcheangal le forfheidhmiú éifeachtach comhleanúnach na rialacha.

(2) Na pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a chuireann na Ballstáit faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, tá siad i gcroílár an chreata nua rialachais eacnamaíoch. Bainfear dhá chuspóir amach leis na pleananna: i) faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, a áirithiú go mbeidh an fiachas rialtais ghinearálta ar chonair inchreidte anuas, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama, agus go dtabharfar agus go gcoinneofar an t-easnamh rialtais faoi bhun luach tagartha 3 % de OTI sa mheántéarma, agus ii) a áirithiú go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an

---

[1] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

[2] Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L, 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj).

[3] Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais. Chuige sin, ní mór gealltanas meántéarmach i leith conair[4] ghlanchaiteachais a chur isteach i ngach plean, lena mbunaítear go héifeachtach sriantacht buiséid ar feadh ré an phlean, lena gcumhdaítear 4 nó 5 bliana (ag brath ar an ngnáth-théarma reachtach i mBallstát). Ina theannta sin, ní mór míniú a thabhairt sa phlean ar an gcaoi a n-áiritheoidh an Ballstát go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha (lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, más infheidhme), agus ar an gcaoi a dtabharfaidh an Ballstát aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais. Leis an tréimhse le haghaidh coigeartú fioscach, cumhdaítear tréimhse 4 bliana, tréimhse a bhféadfar síneadh suas le 3 bliana a chur léi má thugann an Ballstát gealltanas i leith sraith athchóirithe agus infheistíochtaí ábhartha a sholáthar a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263.

(3) Tar éis an plean a thíolacadh, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cé acu a chomhlíonann sé ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263, nó nach gcomhlíonann.

(4) Déanfaidh an Chomhairle, ar mholadh a fháil di ón gCoimisiún, moladh a ghlacadh ina leagtar amach conair ghlanchaiteachais an Bhallstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, formhuiniú a dhéanamh ar an tsraith gealltanas um athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh.

BREITHNITHE A BHAINEANN LE PLEAN STRUCHTÚRACH FIOSCACH MEÁNTÉARMACH NA FIONLAINNE

(5) An 10 Deireadh Fómhair 2024, rinne an Fhionlainn a plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a thíolacadh don Chomhairle agus don Choimisiún. Rinneadh an tíolacadh tar éis síneadh a chur leis an sprioc-am a leagtar amach in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, mar a comhaontaíodh leis an gCoimisiún.

Próiseas roimh thíolacadh an phlean

(6) An 21 Meitheamh 2024, sheol an Coimisiún, de réir Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1263, an chonair thagartha[5] chuig na Fionlainne. D'fhoilsigh an Coimisiún an chonair thagartha an 10 Deireadh Fómhair 2024[6]. Tá an chonair thagartha

---

4 Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1263, is é sin caiteachas rialtais atá glan (i) ar chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

5 Cuimsítear le réamhthreoir a tarchuireadh chuig na Ballstáit agus chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais conairí gan síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus le síneadh a chur léi (lena gcumhdaítear 4 bliana agus 7 mbliana, faoi seach). Cuimsítear inti freisin na príomhchoinníollacha tosaigh agus na toimhdí bunúsacha a úsáidtear i gcreat réamh-mheasta fiachais rialtais mheántéarmaigh an Choimisiúin Eorpaigh. Ríomhadh an chonair thagartha ar bhonn na modheolaíochta a thuairiscítear i *dTuarascáil Faireacháin an Choimisiúin ar Inbhuanaitheacht Fiachais 2023* (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/debt-stainability-monitor-2023_ga). Tá sí bunaithe ar Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún Eorpach agus ar a síneadh meántéarmach suas le 2033, agus tá costais fhadtéarmacha fáis OTI agus aosaithe i gcomhréir le *Tuarascáil chomhpháirteach 2024 ón gCoimisiún agus ón gComhairle maidir le hAosú* (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/2024-ageing-report-economic-and-budgetary-projections-eu-member-states-2022-2070_ga).

6 https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/national-medium-term-fiscal-structural-plans_en#finland

rioscabhunaithe agus áirithítear léi, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe fhioscaigh agus in éagmais bearta buiséadacha breise tar éis na tréimhse coigeartúcháin, go mbeidh an fiachas rialtais ghinearálta ar chonair inchreidte anuas nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama sa mheántéarma, agus go dtabharfar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin agus go gcoinneofar é faoi bhun an luacha tagartha sin sa mheántéarma. Sainmhínítear an meántéarma mar an tréimhse 10 mbliana tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin. I gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 de Rialachán (AE) 2024/1263, tá an chonair thagartha comhsheasmhach freisin leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais agus leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh. I gconair thagartha na Fionlainne, leagtar amach nár cheart fás níos mó ná na luachanna arna soláthar i dTábla 1 a theacht ar ghlanchaiteachas, agus sin bunaithe ar thoimhdí an Choimisiúin agus ar thréimhse choigeartúcháin 7 bliana a chur san áireamh. Comhfhreagraíonn sin do mheánfhás glanchaiteachais 1,5 % le linn na tréimhse coigeartúcháin (2025-2031) agus do mheánfhás 1,5 % le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean (2025-2028).

Tábla 1: Conair thagartha arna soláthar ag an gCoimisiún don Fhionlainn an 21 Meitheamh 2024

	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031	Meán 2025-2028	Meán 2025-2031
Fás glanchaiteachais uasta (bliantúil, %)	1,4	1,5	1,4	1,5	1,5	1,6	1,7	1,5	1,5

Foinse: Ríomhanna an Choimisiúin.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/1263, chuaigh an Fhionlainn agus an Coimisiún i mbun idirphlé teicniúil ó mhí an Mheithimh go mí Mheán Fómhair 2024. Bhí an t-idirphlé dírithe ar an gconair ghlanchaiteachais atá beartaithe ag an bhFionlainn agus ar na toimhdí bunúsacha a bhaineann léi, ar an tsraith gealltanas athchóirithe agus infheistíochta atá beartaithe chun tacú le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin lena n-áirítear athchóirithe agus infheistíochtaí (amhail athchóiriú cuimsitheach na samhla slándála sóisialta agus sochair aonair, agus athchóiriú cuimsitheach an chúnaimh shóisialta), chomh maith leis an soláthar atá beartaithe d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin a shainaithnítear i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus do thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais maidir le haistriú cothrom glas agus digiteach, athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, slándáil fuinnimh agus forbairt cumas cosanta.

(8) I mí Dheireadh Fómhair 2024, i gcomhréir le hAirteagal 11(3) agus le hAirteagal 36(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 2024/1263, de réir na faisnéise a chuir an Fhionlainn ar fáil ina plean, chuaigh an Fhionlainn i mbun próiseas comhairliúcháin leis an tsochaí shibhialta agus le Comhairle Eacnamaíoch na Fionlainne. De réir na faisnéise a chuir an Fhionlainn ar fáil ina plean, phléigh an Chomhairle Eacnamaíoch an plean an 2 Deireadh Fómhair 2024. Iarradh ar an tsochaí shibhialta freastal ar éisteacht oscailte an 3 Deireadh Fómhair 2024.

(9) Cuireadh an plean faoi bhráid na parlaiminte náisiúnta an 2 Deireadh Fómhair 2024.

Próisis ghaolmhara eile

(10) Thíolaic an Fhionlainn a Dréachtphlean Buiséadach le haghaidh 2025 an 10 Deireadh Fómhair 2024. Ghlac an Coimisiún tuairim maidir leis an Dréachtphlean Buiséadach sin an [26 Samhain 2024][7].

(11) An 21 Deireadh Fómhair 2024, chuir an Chomhairle sraith moltaí tírshonracha faoi bhráid na Fionlainne i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh[8].

ACHOIMRE AR AN bPLEAN AGUS MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN AIR SIN

(12) I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2024/1263, rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean mar a leanas:

Comhthéacs: staid agus ionchas maicreacnamaíoch agus fioscach

(13) Tháinig laghdú 1,2 % ar ghníomhaíocht eacnamaíoch san Fhionlainn in 2023, de réir mar a chuaigh méaduithe ar phraghsanna do thomhaltóirí agus ar rátaí úis i bhfeidhm ar thomhaltas agus ar infheistíocht, go háirithe san earnáil tógála. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go dtiocfaidh laghdú 0,3 % ar an ngeilleagar in 2024, mar thoradh ar stad i leibhéal an tomhaltais agus ar laghdú ar infheistíocht sa chéad leath den bhliain. In 2025, meastar go dtiocfaidh méadú 1,5 % ar an bhfíor-OTI, ós rud é go dtiocfaidh téarnamh ar thomhaltas príobháideach agus ar infheistíocht phríobháideach a bhuí le méaduithe fíorphá agus costais mhaoiniúcháin níos ísle, agus réamh-mheastar go dtiocfaidh téarnamh ar fhás onnmhairiúcháin i gcomhréir leis an éileamh eachtrach atá ag méadú. In 2026, meastar go dtiocfaidh méadú 1,6 % ar fhíor-OTI, ós rud é go réamh-mheastar go leanfaidh an téarnamh leathan ar aghaidh. Le linn na tréimhse réamhaisnéise (i.e., 2024-2026), meastar go dtiocfaidh méadú 0,6 % ar an meán gach bliain ó 2024 go 2026 ar OTI féideartha san Fhionlainn, méadú arb é an carnadh caipitil agus méaduithe ar tháirgiúlacht na bhfachtóirí uile. Ba é 7,2 % an ráta dífhostaíochta in 2023, agus réamh-mheasann an Coimisiún gurb é 8,2 % a bheidh ann in 2024 agus 7,9 % in 2025 agus 7,5 % in 2026. Réamh-mheastar go laghdóidh an boilsciú (díbhoilsceoir OTI) ó 3,9 % in 2023 go 1,4 % in 2024 agus go sroichfidh sé 2,1 % in 2025 agus 1,9 % in 2026.

(14) Maidir le forbairtí fioscacha, in 2023 is é a bhí in easnamh rialtais ghinearálta na Fionlainne 3,0 % de OTI. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, sroichfidh sé 3,7 % de OTI in 2024 agus laghdóidh sé go 3,0 % de OTI in 2025 agus, ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann, laghdóidh sé go dtí 2,5 % in 2026. Áirítear i Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach dréachtbhuiséad na Fionlainne le haghaidh 2025 a mhol an rialtas don pharlaimint náisiúnta i mí Mheán Fómhair. Ba é 77,1 % de OTI an fiachas rialtais ghinearálta ag deireadh 2023. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas fiachais go 82,6 % de OTI ag deireadh 2024. Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú breise air go 84,7 % de OTI ag deireadh 2025 agus go 85,3 % ag deireadh 2026. Sa réamhaisnéis fhioscach ón gCoimisiún, ní bhreithnítear na gealltanais bheartais sna pleananna meántéarmacha go dtí go mbeidh bearta beartais nithiúla a fhógrófar go hinchreidte agus a shonrófar go leormhaith ina mbonn taca leo.

---

7 Tuairim ón gCoimisiún maidir le Dréachtphlean Buiséadach na Fionlainne, 26.11.2024, C(2024)9054 final.

8 Moladh ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na Fionlainne, nár foilsíodh go fóill.

An chonair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha sa phlean

(15) Le plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na Fionlainne, cumhdaítear an tréimhse 2025-2028 agus cuirtear coigeartú fioscach i láthair thar thréimhse 7 mbliana.

(16) Tá an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2024/1263 sa phlean.

(17) Leis an bplean, tugtar gealltanas i leith na conaire glanchaiteachais a léirítear i dTábla 2, a chomhfhreagraíonn do mheánfhás glanchaiteachais 2,2 % i gcaitheamh na mblianta 2025-2028. Ina theannta sin, tugann an Fhionlainn gealltanas i leith sraith athchóirithe agus infheistíochtaí d'fhonn síneadh 7 mbliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin (2025-2031), tréimhse ar lena linn a bheartaítear meánfhás glanchaiteachais 2,4 %. An meánfhás glanchaiteachais arna thuairisciú sa phlean le haghaidh na tréimhse coigeartúcháin (2025-2031), is airde é ná an chonair thagartha arna tarchur ag an gCoimisiún an 21 Meitheamh 2024. Déantar toimhde sa phlean go mbeidh fás OTI féideartha rianúil 0,9 % ann le haghaidh gach bliana den tréimhse choigeartúcháin. Ina theannta sin, meastar sa phlean go méadóidh ráta fáis an díbhoilsceora OTI ó 1,7 % in 2024 go 2,1 % in 2025 agus méadóidh sé a thuilleadh go 2,4 % faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin.

Tábla 2: An chonair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí i bplean na Fionlainne

						Síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin				
	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031	Meánfhás i gcaithea mh thréimhse bhailíocht a an phlean 2025-2028	Meánfhá s i gcaithea mh na tréimhse coigeartú cháin 2025 – 2031
Fás glanchaitea chais (ar bhonn bliantúil, %)	3,7	1,6	1,9	2,6	2,6	2,8	2,8	2,9	2,2	2,4
Fás glanchaitea chais (ar bhonn carnach, ón mbonnbhlia in 2023, %)	3,7	5,3	7,4	10,1	13,0	16,1	19,4	22,8	n/bh	n/bh
Fás OTI féideartha (%)	1,1	0,9	0,9	0,9	0,9	0,9	0,9	0,9	0,9	0,9
Boilsciú (fás díbhoilsceo ra OTI) (%)	1,7	2,1	2,2	2,2	2,3	2,3	2,4	2,4	2,2	2,3

Foinse: Plean struchtúrach fioscach meántéarmach na Fionlainne agus ríomhanna an Choimisiúin.

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir le fiachas rialtais ghinearálta

(18) Dá dtiocfadh ann don chonair ghlanchaiteachais a bhfuil gealltanas tugtha ina leith sa phlean agus do na toimhdí is bonn léi, laghdódh fiachas rialtais ghinearálta, de réir an phlean, ó 81,7 % in 2024 go 78,2 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin in 2031, de réir an tábla seo a leanas. Tar éis an choigeartúcháin, sa mheántéarma (i.e. go dtí 2041), meastar go laghdóidh an cóimheas fiachais a thuilleadh, de réir an phlean, agus go dtitfidh sé faoi bhun 60 % de OTI in 2039 agus go sroichfidh sé 52,7 % faoi 2041.

Tábla 3: Forbairtí maidir le fiachas rialtais ghinearálta agus comhardú rialtais ghinearálta i bplean na Fionlainne

	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031	2041
Fiachas rialtais (% de OTI)	76,6	81,7	83,2	83,9	83,6	82,9	81,4	79,7	78,2	52,7
Comhardú rialtais (% de OTI)	-2,9	-3,7	-2,9	-2,0	-1,4	-0,9	-0,4	0,0	0,3	1,6

Foinse: Plean struchtúrach fioscach meántéarmach na Fionlainne.

Dá bhrí sin, de réir an phlean, thabharfaí an fiachas rialtais ghinearálta faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 60 % de OTI, sa mheántéarma. Tá sé sin inchreidte, bunaithe ar thoimhdí an phlean, ós rud é go réamh-mheasfaí go bhfanfadh an fiachas faoi bhun 60 % de OTI faoi 2041 de réir gach tástála struis cinnteachaíche in Anailís an Choimisiúin ar Inbhuanaitheacht Fiachais. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, maidir leis an gconair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean tá sí comhsheasmhach leis an gceanglas maidir le fiachas mar a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (a), agus in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir leis an gcomhardú rialtais ghinearálta

(19) Ar bhonn chonair ghlanchaiteachais agus thoimhdí an phlean, thitfeadh an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI sa chéad bhliain den tréimhse choigeartúcháin (i.e. 2025) agus go leanfadh sé de bheith ag laghdú ina dhiaidh sin, go dtí go ndéanfaí barrachas de in 2031. Dá bhrí sin, de réir an phlean, ní sháródh an comhardú rialtais ghinearálta an luach tagartha 3 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2031). Ina theannta sin, sna 10 mbliana tar éis na tréimhse coigeartúcháin (i.e. go dtí 2041), ní sháródh an t-easnamh rialtais 3 % de OTI. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, maidir leis an gconair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean tá sí comhsheasmhach leis an gceanglas maidir leis an easnamh mar a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (b), agus in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Próifíl ama an choigeartaithe fhioscaigh

(20) Próifíl ama an choigeartaithe fhioscaigh, arna tomhas mar an t-athrú ar an gcomhardú príomha struchtúrach, mar a thuairiscítear sa phlean, is próifíl í atá tús-ualaithe, i gcomparáid leis an gconair líneach dá dtagraítear mar riail faoi Airteagal 6, pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/1263. Is é is cúis leis sin comhdhlúthú fioscach níos mó a bheith ar siúl in 2025, agus taifeadadh an tsoláthair cosanta sna cuntais náisiúnta in 2025 agus in 2027 as a n-eascraíonn dialltaí breise ón bpróifíl líneach. Dá thoradh sin, an coigeartú fioscach i gcaitheamh na chéad 4 bliana den phlean tá sé níos mó ná comhréireach leis an iarracht choigeartúcháin iomlán. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, maidir leis an gconair ghlanchaiteachais a chuirtear ar aghaidh sa phlean, tá sí comhsheasmhach leis an gclásal i dtaca leis an bprionsabal maidir le siarchoinneáil a chosc a leagtar amach in Airteagal 6(c) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Tábla 4: Forbairtí maidir le comhardú príomha struchtúrach i bplean na Fionlainne

	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2031
Comhardú príomha struchtúrach (% de OTI)	-0,34	-0,37	0,44	1,10	1,42	1,78	2,06	2,34	2,62
Athrú ar an gcomhardú príomha struchtúrach (pc.)	n/bh	-0,04	0,82	0,66	0,32	0,36	0,28	0,28	0,28

Foinse: Plean struchtúrach fioscach meántéarmach na Fionlainne

Comhsheasmhacht an phlean leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh

(21) Dá dtiocfadh ann do thoimhdí agus gealltanais an phlean, d'fhanfadh an t-easnamh struchtúrach faoi bhun 1,5 % de OTI le linn na tréimhse coigeartúcháin. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, leanfar den chorrlach coiteann athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2024/1263 a urramú, agus dá bhrí sin ní gá feabhas breise a chur ar an gcomhardú príomha struchtúrach dá dtagraítear in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Comhsheasmhacht an phlean leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais

(22) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/1263, ós rud é go mbeidh an fiachas rialtais ghinearálta idir 60 % agus 90 % de OTI i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin de réir an phlean, ní mór an cóimheas fiachais a laghdú 0,5 pointe céatadáin ar a laghad ar an meán in aghaidh na bliana go dtí go dtitfidh sé faoi bhun 60 %. Ríomhtar an meánlaghdú sin thar an tréimhse 2024-2031 agus is éard atá ann 0,5 pointe céatadáin sa phlean. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, an chonair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean, bheadh sí comhsheasmhach leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais.

Toimhdí maicreacnamaíocha an phlean

(23) Tá an plean bunaithe ar shraith toimhdí atá éagsúil leis na toimhdí ón gCoimisiún a tarchuireadh chuig an bhFionlainn an 21 Meitheamh 2024. Go sonrach, úsáidtear toimhdí éagsúla sa phlean maidir leis an staid tosaigh in 2024, fás OTI féideartha agus coigeartuithe sreabhaidh i leith stoic. Thairis sin, tá tús-ualú déanta ar an gcoigeartú fioscach. Is gá measúnú cúramach a dhéanamh ar na difríochtaí sin idir toimhdí, go háirithe ós rud é go bhfuil an meánfhás glanchaiteachais sa phlean níos airde ná an meánfhás glanchaiteachais sa chonair thagartha. Liostaítear thíos na difríochtaí idir na toimhdí a bhfuil an tionchar is mó acu ar an meánfhás glanchaiteachais, mar aon le measúnú ar gach difríocht idir toimhdí a bhreithnítear ina haonar.

- Úsáidtear toimhdí maidir le fás aschuir féideartha rianúil le linn na tréimhse 2024-2041. I gcomparáid le toimhdí an Choimisiúin, méadaítear leis sin fás féideartha i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin agus, dá bhrí sin, rannchuidítear le meánfhás glanchaiteachais níos airde. Tarlaíonn sé sin trí éifeacht dhíreach agus toisc go mbíonn laghdú níos tapa ar an gcóimheas idir fiachas agus OTI i gceist le fás OTI

níos airde, rud a éilíonn coigeartú fioscach níos ísle chun an choimirce inbhuanaitheachta fiachais a chomhlíonadh. An fhéidearthacht toimhdí malartacha fáis ionchasaigh a úsáid, tá an fhéidearthacht sin i gcomhréir le hAirteagal 36, mír (1), pointe (f), de Rialachán (AE) 2024/1263, ar choinníoll go bhfuil fás carnach thar an tréimhse réamh-mheastacháin (i.e. suas le 2041) i gcomhréir tríd is tríd le toimhdí an Choimisiúin, rud is amhlaidh sa phlean. Dá réir sin, meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin.

- Cuirtear i láthair sa phlean coigeartú fioscach tús-ualaithe. I gcomparáid le toimhde an Choimisiúin maidir le coigeartú líneach, bíonn laghdú níos tapa ar fhiachas mar thoradh air sin agus laghdaítear caiteachas úis. Rannchuidíonn sin le meánfhás glanchaiteachais is airde i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin. Tá tús-ualú an choigeartaithe fhioscaigh i gcomhréir le hAirteagal 6(c) de Rialachán (AE) 2024/1263. Dá réir sin, meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin.

- Déantar toimhde sa phlean go mbeidh coigeartuithe sreabhaidh i leith stoic níos ísle ann ó 2025 go 2030, ag 1,3 % de OTI ar an meán, i gcomparáid le 1,6 % de OTI i dtoimhdí an Choimisiúin. Rannchuidíonn sin le meánfhás glanchaiteachais is airde i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin. Léiríonn sé sin maoiniú agus seachadadh trealaimh slándála agus cosanta mar aon le hinfheistíochtaí a mhaoinítear le fáltais ó shócmhainní poiblí a dhíol. Dá réir sin, meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin.

  Baineann an difríocht idir toimhdí atá fágtha leis an staid tosaigh athbhreithnithe in 2024 agus comhfhreagraíonn sí d'easnamh príomha struchtúrach atá beagán níos lú ná mar a bhí coinne leis san earrach. Níl tionchar mór aige sin ar an meánfhás glanchaiteachais i gcomparáid le toimhdí an Choimisiúin. Ar an iomlán, mínítear an difríocht idir an chonair ghlanchaiteachais sa phlean agus an chonair thagartha le difríochtaí idir toimhdí a bhfuil údar cuí leo, i gcomhréir le hAirteagal 13(b) de Rialachán (AE) 2024/1263. Ar an iomlán, is é an toradh atá ar na difríochtaí uile idir toimhdí a ghlactar le chéile meánfhás glanchaiteachais sa phlean is airde ná an chonair thagartha. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh an measúnú thuas ar thoimhdí an phlean i measúnuithe amach anseo ar chomhlíonadh na conaire glanchaiteachais.

Straitéis fhioscach an phlean

(24) De réir na straitéise fioscaí táscaí sa phlean, déanfar na gealltanais maidir le glanchaiteachas a thabhairt i gcrích trí bhíthin smacht ar chaiteachas agus méaduithe lánroghnacha ar ioncam araon. Tá dhá phacáiste beart á gcur chun feidhme ag an rialtas a mheastar a bhfuil toradh fioscach EUR 9 mbilliún orthu (3,8 % de OTI). Tá siad roinnte den chuid is mó mar a leanas: ioncaim níos aird (i.e. ioncam díreach ó ráta méadaithe CBL agus ioncam indíreach ó cháin ioncaim mhéadaithe agus ranníocaíochtaí sóisialta méadaithe mar gheall ar ráta fostaíochta níos airde mar thoradh ar bhearta eile) ar fiú 3,5 billiún (1,5 % de OTI) iad; agus 5,5 billiún (2,3 % de OTI) a bhuí le caiteachas níos ísle (i.e. coigilteas a thagann ó na contaetha seirbhísí folláine, laghdú ar shochair shóisialta, agus laghdú ar chaiteachas eile). Glacadh formhór na mbeart beartais a bhaineann leis an dá phacáiste comhdhlúthaithe cheana féin, tá cinn eile fós le deimhniú nó le coigeartú agus le cainníochtú sna buiséid bhliantúla. Glacadh roinnt beart cheana féin ar thaobh an ioncaim agus an chaiteachais araon a mbeidh tionchar nach beag acu in 2025. An tráth céanna, tá rioscaí ann maidir le cur chun feidhme na straitéise fioscaí táscaí sa phlean, a eascraíonn as an bhféidearthacht coigilteas níos ísle ná mar a bhí coinne leis a bhaint amach trí bhearta

atá spriocdhírithe ar chontaetha seirbhísí folláine agus ar éifeachtaí fostaíochta níos ísle ná mar a bhí coinne leo ó athchóirithe an rialtais ar an margadh saothair. Ina theannta sin, le Dréachtphlean Buiséadach 2024 le haghaidh 2025, sonraítear na gníomhaíochtaí beartais trína mbainfear amach an gealltanas glanchaiteachais le haghaidh 2025[9].

Sraith gealltanas athchóirithe agus infheistíochta sa phlean chun bheith mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh

(25) Sa phlean, tugann an Fhionlainn gealltanas i leith sraith athchóirithe agus infheistíochtaí, arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an acmhainneacht fáis agus ar an inbhuanaitheacht fhioscach, chun tacú le síneadh a chur leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh ó 4 bliana go 7 mbliana. Tá an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí comhdhéanta de roinnt gealltanas ón bplean téarnaimh agus athléimneachta; gealltanas amháin ón bplean téarnaimh agus athléimneachta lena ngabhann sonraíochtaí breise chun róchaiteachas buiséadach a choinneáil faoi smacht; chomh maith le dhá athchóiriú nua. Áirítear leis sin na bearta seo a leanas:

- Samhail Nordach na seirbhísí fostaíochta a thabhairt isteach. Leis an athchóiriú, athraítear ó bhonn feidhmiú na seirbhísí fostaíochta san Fhionlainn, trí na hacmhainní atá ar fáil do sheirbhísí fostaíochta a mhéadú, trí fheabhas a chur ar an tacaíocht a thairgtear do chuardaitheoirí poist agus trí oibleagáidí cuardaigh poist a dhéanamh níos doichte do dhaoine dífhostaithe atá cláraithe leis na seirbhísí fostaíochta. Tá nuachóiriú á dhéanamh ar an gcóras faisnéise atá ina thacú leis na seirbhísí fostaíochta chun feabhas a chur ar an bpróiseas cuardaigh poist. Is gealltanas faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta (P3C1R1) é an t-athchóiriú, agus ba é an phríomhsprioc a bhí ann 2 mhilliún agallamh a dhéanamh idir mí Eanáir 2023 agus mí an Mhárta 2024. De réir an phlean, meastar go bhféadfaí an ráta fostaíochta a mhéadú trí thart ar 9 500-10 000 oibrí a earcú leis an mbeart a gcuirfear tús leis in 2025.

- Deireadh a chur le laethanta breise de liúntas dífhostaíochta. Leis an athchóiriú, cuirtear deireadh de réir a chéile le laethanta breise de liúntas dífhostaíochta a d'fhéadfadh daoine os cionn tairseach aoise áirithe a iarraidh tar éis an ghnáththréimhse sochair dífhostaíochta a dhul in éag. Ardófar le bliain/aoisghrúpa amháin an aois íosta a theastaíonn chun rochtain a fháil ar laethanta breise de shochair dhífhostaíochta ó bhreith in 1963 ar aghaidh agus cuirfear deireadh go hiomlán leis an bhféidearthacht lá breise a bheith ann dóibh siúd a rugadh in 1965 agus ina dhiaidh sin. Is gealltanas faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta (P3C1R2) é an t-athchóiriú atá le cur chun feidhme faoi R2 2023. Cuirfear deireadh leis na laethanta breise de shochair dhífhostaíochta de réir a chéile faoi 2029. De réir an phlean, meastar go bhféadfaí an ráta fostaíochta a mhéadú trí thart ar 9 100 oibrí a earcú leis an mbeart a gcuirfear tús leis in 2025.

- Cur chun feidhme an athchóirithe ar sheirbhísí náisiúnta sláinte agus sóisialta chun tacú leis an ráthaíocht cúraim reachtúil a chur chun cinn. Is éard a bhí san athchóiriú an reachtaíocht maidir le 21 chontae seirbhísí folláine a bhunú, atá freagrach as cúram sláinte, leas sóisialta agus seirbhísí tarrthála a eagrú ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh. Ina theannta sin, eagraíonn bardas Heilsincí na seirbhísí sin. Thairis sin, comhúdarás Heilsincí agus Uusimaa, ar a dtugtar Grúpa HUS, tá sé freagrach as

[9] Féach Tuairim ón gCoimisiún maidir le Dréachtphlean Buiséadach na Fionlainne, 26.11.2024, C(2024)9054 final.

sainchúram leighis a eagrú i réigiún Uusimaa. Is gealltanas faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta (P4C1R1) é an t-athchóiriú.

- Nuálaíocht dhigiteach a thabhairt isteach i réimse na seirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte. Is é is aidhm don athchóiriú an sciar den daonra (20 bliain d'aois agus níos sine) a úsáideann ríomhsheirbhísí cúraim sláinte agus leasa shóisialaigh a mhéadú ó 26 % (bunlíne 2020) go 35 %. Tá seirbhísí digiteacha nua le cur chun úsáide chun an sprioc a bhaint amach. Is gealltanas faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta (P4C1I4) é an t-athchóiriú agus meastar go gcuirfear i gcrích é faoi dheireadh 2025.
- Infheistíochtaí i dtaighde, forbairt agus nuálaíocht mar aon leis an aistriú glan. Áirítear leis an mbeart sin roinnt infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glana a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta (P1C1I2, P1C2I1, P1C2I3, P3C3I1, P1C1I1).
- Dualgais reachtúla agus nósanna imeachta riaracháin na gcontaetha seirbhísí folláine a athnuachan. I bhfianaise na n-easnamh suntasach a thabhaigh contaetha seirbhísí folláine, tá bearta breise á gcur ag an rialtas leis an bplean chun an cás a chur ina cheart agus chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú. I measc na samplaí de bhearta den sórt sin, tá coigeartú na n-íosleibhéal foirne in ionaid cúraim chónaithe le haghaidh daoine scothaosta, táillí cliant a choigeartú, úsáid áitreabh a chuíchóiriú, iomaíocht sa soláthar poiblí a fheabhsú, agus bealaí seirbhísí digiteacha a thabhairt isteach, agus tuilleadh eile nach iad. De bhonn Chlár an Rialtais agus an Phlean Fhioscaigh Rialtais Ghinearálta (2025-2028), measann an rialtas go bhféadfadh coigilteas thart ar EUR 1,56 billiún a bheith ann faoi 2028 mar thoradh ar na coigeartuithe nua sin. Áirítear leis sin bearta reachtúla chomh maith le bearta comhdhlúthaithe na gcontaetha seirbhísí folláine féin. Is sonraíocht bhreise iad na bearta sin ar an ngealltanas faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta a bhfuil tuairisc air thuas (P4C1R1).
- Athchóiriú cuimsitheach ar chúnamh sóisialta. Is é is aidhm don athchóiriú ról an chúnaimh shóisialta a threisiú mar rogha dheireanach agus mar chineál sochair ghearrthéarmaigh, trí lochtanna sa chóras smachtbhannaí a cheartú lenar ceadaíodh cúnamh sóisialta a íoc mar chúiteamh iomlán ar shochair dhífhostaíochta a cailleadh i gcás nach gcomhlíonann tairbhithe na hoibleagáidí maidir le cuardach poist. Measann an rialtas go bhféadfadh sé go laghdófaí líon na ndaoine a bhfuil cúnamh sóisialta de dhíth orthu faoina leath mar thoradh ar an athchóiriú agus go bhféadfadh coigilteas fioscach EUR 100 milliún a bheith ann mar thoradh air gach bliain. Tar éis comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara, tá coinne leis go gcuirfear togra an rialtais i láthair na Parlaiminte i bhfómhar 2025 agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm sa dara ráithe de 2026.
- Athchóiriú cuimsitheach ar an tslándáil shóisialta agus samhail sochair aonair a thabhairt isteach. Gné amháin den athchóiriú is ea slándáil shóisialta a shimpliú trí rochtain ar shochair éagsúla a cheadú trí iarratas riaracháin amháin. Tar éis comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara, tá coinne leis go gcuirfear an t-athchóiriú i láthair na Parlaiminte i bhfómhar 2025 agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm sa dara ráithe de 2026.

(26) Na bearta atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin atá ina gcuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta (lena n-áirítear an tsonraíocht bhreise chun dualgais reachtúla agus nósanna imeachta riaracháin na gcontaetha seirbhísí folláine a athnuachan), tá siad i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2024/1263 toisc go bhfuil siad mionsonraithe, tús-ualaithe, faoi cheangal ama agus infhíoraithe go leormhaith. An dá bheart maidir le hathchóiriú cuimsitheach ar

chúnamh sóisialta agus athchóiriú cuimsitheach ar an tslándáil shóisialta agus samhail sochair aonair a thabhairt isteach, níor reachtaíodh iad go fóill agus, dá bhrí sin, níl siad mionsonraithe faoi láthair. Tugtar amlíne tháscach sa phlean chun iad a ghlacadh agus táscairí maidir le spriocanna cáilíochtúla chun faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme.

(27) Gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta atá mar bhonn taca faoin síneadh, tá athchóirithe agus infheistíochtaí móra iontu atá dírithe ar fheabhas a chur ar an inbhuanaitheacht fhioscach agus ar acmhainneacht fáis an gheilleagair a fheabhsú. Ina theannta sin, tugann an Fhionlainn gealltanas leanúint den iarracht tabhairt faoin athchóiriú le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean struchtúrach fioscach meántéarmach agus na leibhéil infheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta, a baineadh amach le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, a choinneáil ar bun (féach thíos, Tábla 5). Déanfar faireachán ar na gealltanais le linn chur chun feidhme an phlean. Dá réir sin, is féidir gealltanais faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur san áireamh maidir le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin dá bhforáiltear le hAirteagal 36(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2024/1263.

(28) Leis an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh, meastar go gcuirfear feabhas ar acmhainneacht fáis agus athléimneachta gheilleagar na Fionlainne ar bhealach inbhuanaithe mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2024/1263. Meastar go gcuirfear feabhas ar fheidhmiú an mhargaidh saothair, go dtacófar leis an nuálaíocht, go gcuirfear feabhas ar rochtain ar chúram sláinte agus ar leas sóisialta, agus go ndéanfar an tslándáil shóisialta a nuachóiriú mar gheall ar na bearta agus, ar an gcaoi sin, cuirfear feabhas ar acmhainneacht fáis agus athléimneachta gheilleagar na Fionlainne. Leis na hathchóirithe ar an margadh saothair a chuirtear chun cinn, meastar go dtacófar le daoine dífhostaithe post a fháil agus go méadófar rátaí gníomhaíochta i measc oibrithe scothaosta. Déantar meastachán sa phlean go bhféadfaí thart ar 20 000 post a chruthú in 2025-2029 mar gheall ar an dá bheart. Meastar go gcuirfear feabhas ar acmhainneacht fáis agus ar athléimneacht na Fionlainne mar gheall ar na hinfheistíochtaí in T&F atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, trí tháirgiúlacht a mhéadú (meastar go coimeádach sa phlean go dtiocfaidh méadú 0,02 % ar tháirgiúlacht de bharr méadú 1 % ar infheistíocht in T&F), infheistíocht phríobháideach a phlódú isteach, agus tacú leis an aistriú glas agus le dícharbónú an chórais fuinnimh. Dar le rialtas na Fionlainne, meastar go gcuirfear feabhas ar rochtain ar chúram sláinte mar thoradh ar bhunú na gcontaetha seirbhísí folláine agus forbairt ríomhsheirbhísí sláinte, rud atá tábhachtach go háirithe ós rud é go bhfuil an líon daoine ag a bhfuil riachtanais cúraim leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu os cionn mheán an Aontais agus gur sochaí í an Fhionlainn atá ag dul in aois go tapa. Na hathchóirithe chun an tsamhail sochair aonair a thabhairt isteach agus an t-athchóiriú ar chúnamh sóisialta, tá siad ceaptha chun an beartas sóisialta a bharrfheabhsú, costais riaracháin a laghdú, slándáil shóisialta a dhéanamh níos cothroime, agus dreasachtaí chun oibre a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, tacú le fostaíocht. Ba ghá faireachán a dhéanamh ar na héifeachtaí ar an gcomhtháthú sóisialta. Thairis sin, níor tháinig ann go fóill do thionchar an athchóirithe ar an margadh saothair, ná don mhéadú ar tháirgiúlacht tar éis infheistíochtaí in T&F. Ina theannta sin, tá roinnt deacrachtaí ag na contaetha seirbhísí folláine ina gcéad bhlianta d'oibríochtaí, agus chuir an rialtas sonraíochtaí breise chun cinn sa phlean maidir le gealltanas amháin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta chun dualgais reachtúla agus nósanna imeachta riaracháin na gcontaetha seirbhísí folláine a athnuachan chun srian a chur lena n-

easnamh. Ar an iomlán, na toimhdí maidir le tionchar fáis na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh, i dteannta a chéile, is cosúil go bhfuil siad inchreidte, ach tá gá le faireachán cúramach a dhéanamh ar fhorbairtí amach anseo agus ar an tionchar beacht. Chuige sin, teastaíonn comhairliúcháin fhóinteacha leis na páirtithe leasmhara freisin, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí ábhartha ón tsochaí shibhialta, agus measúnú ar éifeachtaí dáileacháin agus carnacha na mbeart.

(29) Leis an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh, meastar go dtacófar leis an inbhuanaitheacht fhioscach mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1263. Tá na bearta sin comhlántach leis na pacáistí comhdhlúthaithe fhioscaigh a achtaíodh cheana féin, mar a luaitear thuas agus an straitéis fhioscach á cur i láthair. Meastar gurb é príomhéifeacht dhíreach na mbeart breise sin bearta a chur chun feidhme chun easnamh na gcontaetha seirbhísí folláine a laghdú, arb é EUR 1,4 billiún a bhí ann in 2023, trí dhualgais reachtúla agus nósanna imeachta riaracháin na gcontaetha seirbhísí folláine a athnuachan. Go sonrach, tá bearta á n-achtú ag an rialtas chun laghdú EUR 685 mhilliún a dhéanamh ar chaiteachas na gcontaetha seirbhísí folláine in 2025-2028, agus tá sé d'aidhm ag na contaetha seirbhísí folláine féin bearta a chur chun feidhme chun laghdú EUR 874 mhilliún a dhéanamh ar a gcostais faoi 2028. Thairis sin, tá coinne ag an rialtas leis go mbainfidh sé amach EUR 100 milliún i gcoigilteas bliantúil ón athchóiriú ar chúnamh sóisialta. D'fhéadfadh coigilteas díreach eile teacht as an gcostas riaracháin níos ísle in aghaidh an iarratais ar shochar mar gheall ar ghlacadh na samhla sochair aonair, agus as na híocaíochtaí níos ísle a bhaineann le deireadh a chur le laethanta breise de liúntas dífhostaíochta. Tá an coigilteas fioscach indíreach nasctha go príomha leis an tionchar dearfach fostaíochta a bhfuil coinne leis mar gheall ar na hathchóirithe ar an margadh saothair (i.e. samhail Nordach na seirbhísí fostaíochta a thabhairt isteach agus deireadh a chur le laethanta breise de liúntais dífhostaíochta), rud a mhéadódh an fás féideartha agus a ghinfeadh ioncam cánach. Maidir leis an athchóiriú cuimsitheach ar an tslándáil shóisialta agus ar an tsamhail sochair aonair agus an t-athchóiriú cuimsitheach ar chúnamh sóisialta, d'fhéadfadh tionchar fostaíochta a bheith acu trí dhreasachtaí chun oibre a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, d'fhéadfadh tionchar fioscach dearfach indíreach a bheith acu freisin. Cé go bhféadfadh an coigilteas réadaithe ó na bearta a bheith níos ísle ná mar a bhí coinne leis, is dócha go mbeidh an coigilteas fioscach a eascraíonn as an tsonraíocht bhreise sa phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir le dualgais reachtúla agus nósanna imeachta riaracháin na gcontaetha seirbhísí folláine a athnuachan neamhdhiomaibhseach, i bhfianaise mhéid na meastachán coigiltis (i.e. EUR 1,6 billiún). Ar an iomlán, tá an réadú coigiltis indírigh ag brath go mór ar thionchar fostaíochta na n-athchóirithe ar an margadh saothair.

(30) Leis an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh, rannchuidítear le tosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/1263. Na hathchóirithe ar an tslándáil shóisialta agus ar an margadh saothair, tá siad ina rannchuidiú leis an athléimneacht shóisialta go háirithe trí phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chomhlíonadh, mar shampla, tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht, cosaint shóisialta agus sochair dhífhostaíochta. Mar gheall ar infheistíochtaí an phlean téarnaimh agus athléimneachta in T&F le haghaidh na n-aistrithe glasa, meastar go méadófar an nuálaíocht i dteicneolaíocht ísealcharbóin agus i mbonneagar fuinnimh, rud a chuirfidh, dá bhrí sin, le haistriú glas cothrom agus le slándáil fuinnimh a áirithiú. Trí nuálaíocht dhigiteach a thabhairt isteach i réimse na seirbhísí sóisialta

agus cúraim sláinte, rannchuidítear le haistriú digiteach cothrom trí dhigitiú na seirbhísí poiblí a mhéadú. Maidir leis an tosaíocht choiteann eile de chuid an Aontais, is é sin forbairt na gcumas cosanta, ní thugtar aghaidh uirthi leis an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh.

(31) Leis an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh, tugtar aghaidh ar na moltaí tírshonracha ábhartha[10] arna n-eisiúint mar chuid den Seimeastar Eorpach mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(2), pointe (d), de Rialachán (AE) 2024/1263. Go sonrach, leis an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh tugtar aghaidh ar na moltaí tírshonracha seo a leanas atá dírithe ar na nithe seo a leanas:

- beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, dreasachtaí chun oibre agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair (moltaí tírshonracha a eisíodh in 2019 agus 2020), trí shamhail Nordach na seirbhísí fostaíochta a thabhairt isteach agus trí dheireadh a chur le laethanta breise de shochair dhífhostaíochta;
- cúram sláinte, cúram fadtéarmach agus creat buiséadach agus rialachas fioscach (moltaí tírshonracha a eisíodh in 2019 agus 2020), trí athchóiriú a dhéanamh ar na contaetha seirbhísí folláine agus trí nuálaíocht dhigiteach a thabhairt isteach i réimse an chúraim sláinte;
- fuinneamh in-athnuaite, bonneagar fuinnimh & líonraí, éifeachtúlacht fuinnimh, taighde agus nuálaíocht, forbairt réigiúnach & seirbhísí poiblí áitiúla agus an timpeallacht ghnó (lena n-áirítear beartais FMB) (moltaí tírshonracha a eisíodh in 2019, 2020, 2022 agus 2023) trí infheistíochtaí éagsúla an phlean téarnaimh agus athléimneachta i dteicneolaíochtaí agus bonneagair fuinnimh, hidrigin ísealcharbóin agus gabháil agus úsáid dé-ocsaíde carbóin, athchúrsáil príomhábhar agus cistiú eile le haghaidh taighde, forbartha agus nuálaíochta;
- bochtaineacht, cuimsiú sóisialta agus cosaint shóisialta (moladh tírshonrach a eisíodh in 2024) trí athchóiriú a dhéanamh ar an tslándáil shóisialta agus ar an tsamhail sochair aonair agus ar chúnamh sóisialta.

(32) Áirithítear leis an bplean go gcoinneofar ar bun leibhéal foriomlán beartaithe na hinfheistíochta poiblí a mhaoinítear go náisiúnta arna réadú ar an meán i gcaitheamh na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2024/1263.

[10] Is moltaí iad na moltaí tírshonracha a mheastar a bheith ‘ábhartha’: i) arna nglacadh ag an gComhairle ó 2019 ar aghaidh, ii) nach bhfuil dul chun cinn ‘iomlán’ nó ‘substaintiúil’ déanta ag an mBallstát go fóill maidir le haghaidh a thabhairt orthu agus nach bhfuil as dáta (arna measúnú mar ‘Gan Measúnú / Gan Ionchur le Cur Isteach’), mar a measadh sa chleachtadh faireachais is déanaí ar an Seimeastar Eorpach (atá ar fáil in CeSaR (europa.eu)), iii) nach bhfuil nasctha le CCF fioscach amháin agus iv) nach gcumhdaítear leo an dúshlán céanna ach ar bhealach athshonraithe.

Tábla 5: Infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta sa phlean (% de OTI)

Meánleibhéal thar an tréimhse a chumhdaítear leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta (2022 go 2026) ([11])	T+1	T+2	T+3	T+4	An meán i gcaitheamh thréimhse an phlean
4,4	4,7	4,5	4,6	4,4	4,6

Foinse: Plean struchtúrach fioscach meántéarmach na Fionlainne

(33) Ar deireadh, maidir leis an tsraith gealltanas um athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh, is féidir a mheas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na gealltanais sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus sa Chomhaontú Comhpháirtíochta a comhaontaíodh faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2024/1263. Maidir le tabhairt isteach na samhla sochair aonair agus an t-athchóiriú ar chúnamh sóisialta, ní thagann siad salach ar ghealltanais sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, cé go n-eascraíonn na bearta eile go díreach as gealltanais a tugadh faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta.

(34) Mar chonclúid, maidir leis an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, meastar go gcomhlíonann siad na critéir in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2024/1263, nuair a chuirtear le chéile iad. Mar thoradh air sin, is féidir síneadh ó 4 bliana go 7 mbliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar a chuirtear chun tosaigh sa phlean.

Rúin eile athchóirithe agus infheistíochta sa phlean lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais

(35) Cé is moite den tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, tugtar tuairisc sa phlean ar chuspóirí beartais a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí eile chun freagairt do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe na moltaí tírshonracha, agus chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais. Cuimsítear deich gcinn d'athchóirithe agus infheistíochtaí sa phlean.

(36) Maidir leis an tosaíocht choiteann a bhaineann le haistriú cóir, glas agus digiteach, lena n-áirítear na cuspóirí aeráide a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119, cuimsítear leis an bplean athchóiriú chun caiteachas ar T&F a mhéadú go 4 % de OTI faoi 2030, agus aon trian den chistiú ag teacht ó fhoinsí poiblí, rud a d'fhágfadh go mbeadh méadú thart ar EUR 280 milliún in aghaidh na bliana ann go dtí 2030. Dhéanfaí na cistí poiblí breise T&F a leithdháileadh ar an tacaíocht do T&F corparáideach, ar chomhar idir gnólachtaí agus taighdeoirí, ar chistiú tionscadal taighde agus ar bhonneagair thaighde, i measc nithe eile. Leis an mbeart, tugtar aghaidh ar mholtaí tírshonracha 2019 agus 2020 a bhaineann le taighde agus

[11] Toimhdítear agus glactar leis go mbeidh forluí idir an dá thréimhse. Tá sé beartaithe go mbeidh feidhm ag an gceanglas chun leibhéal na hinfheistíochta a choinneáil ar bun maidir leis na blianta tar éis dheireadh shaolré na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

nuálaíocht agus tá sé comhsheasmhach le Compás Digiteach na Fionlainne agus le Treochlár Straitéiseach Náisiúnta na tíre um an Deacáid Dhigiteach.

(37) Maidir leis an tosaíocht choiteann a bhaineann le hathléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, cuimsítear leis an bplean bearta chun sochair lena gcruthaítear dídhreasachtaí chun oibre a laghdú (e.g. athruithe ar shochair dhífhostaíochta a mheastar a dtiocfaidh méadú ar an ráta fostaíochta mar gheall orthu trí 40 000 oibrí a earcú le linn théarma an rialtais, agus ciorruithe innéacs ar shochair slándála sóisialta a mheastar a dtiocfaidh méadú ar an ráta fostaíochta mar gheall orthu trí 18 600 oibrí a earcú sa tréimhse chéanna), bearta chun ganntanais scileanna a mhaolú (e.g. méaduithe ar chistiú agus ar fholúntais i réimsí ina bhfuil ganntanas saothair amhail an earnáil leighis), agus bearta chun feabhas a chur ar rochtain ar chúram sláinte agus liostaí feithimh a laghdú (e.g. tríd an gcistiú le haghaidh aisíocaíocht caiteachais ar chúram sláinte príobháideach a mhéadú). Leis na bearta, tugtar aghaidh ar mholtaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 a bhaineann le beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, dreasachtaí chun oibre & rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, cúram sláinte agus oideachas.

(38) Maidir leis an tosaíocht choiteann a bhaineann le slándáil fuinnimh, ní chuimsítear athchóirithe ná infheistíochtaí eile sa phlean.

(39) Maidir le tosaíocht choiteann na gcumas cosanta, ní chuimsítear athchóirithe ná infheistíochtaí eile sa phlean.

(40) Ní thugtar tuairisc sa phlean ar athchóirithe agus infheistíochtaí eile chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha (nach bhfuil aon dul chun cinn suntasach déanta ina leith de réir mheasúnú an Choimisiúin) maidir le scileanna, gairmoideachas agus gairmoiliúint agus foghlaim aosach, cúram fadtéarmach, an sciúradh airgid a chomhrac (moltaí tírshonracha a eisíodh in 2019, 2020 agus 2023).

(41) Cuirtear faisnéis ar fáil sa phlean maidir leis an gcomhsheasmhacht agus, i gcás inarb iomchuí, an chomhlántacht, le cistí an bheartais comhtháthaithe agus le plean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne. Déantar tagairt iomchuí sa phlean do Chlár Náisiúnta na Fionlainne um Athchóiriú 2024, ina dtugtar tuairisc ar shineirgí agus ar chomhlántacht leis an mbeartas comhtháthaithe agus leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta.

(42) Tugtar forléargas sa phlean ar riachtanais infheistíochta poiblí na Fionlainne a bhaineann le tosaíochtaí coiteanna an Aontais. I ndáil leis an aistriú cóir, glas agus digiteach, cuirtear i dtábhacht sa phlean an gá atá le hinfheistíochtaí san fhuinneamh glan chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, agus i dteicneolaíochtaí suaiteacha amhail an intleacht shaorga chun an t-aistriú glas a neartú a thuilleadh. I ndáil le hathléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, cuirtear i dtábhacht sa phlean an gá atá le hinfheistíocht a bhaineann le gnóthachtáil oideachais agus foghlaim leanúnach a mhéadú. I ndáil le slándáil fuinnimh, cuirtear i dtábhacht sa phlean an gá atá le hinfheistíocht atá dírithe ar spleáchas an Aontais ar thríú tíortha a laghdú. I ndáil le cumais chosanta a fhorbairt, cuirtear i dtábhacht sa phlean an gá atá le hinfheistíochtaí chun cumais chosanta na Fionlainne a neartú, i gcomhréir le gealltanais ECAT.

Conclúid mheasúnú an Choimisiúin

(43) Ar an iomlán, tá an Coimisiún den tuairim go gcomhlíonann plean na Fionlainne ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.

CONCLÚID FHORIOMLÁN

(44) Ar bhonn an mheasúnaithe ón gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1263, ba cheart don Chomhairle an chonair ghlanchaiteachais, mar a leagtar amach sa phlean, a mholadh don Fhionlainn, agus ba cheart an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin go 7 mbliana a fhormhuiniú.

AG MOLADH LEIS SEO don Fhionlainn

(1) A áirithiú nach sáróidh an fás glanchaiteachais na huasmhéideanna a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh seo.

(2) An tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh go dtí 7 bliana a chur chun feidhme, mar a bhunaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh seo, faoi na sprioc-amanna a léirítear.

Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an bhFionlainn a áirithiú go dtabharfar i gcrích athchóirithe agus infheistíochtaí eile a chomhfhreagraíonn do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha, agus go dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais.

IARSCRÍBHINN I

Uasrátaí fáis an ghlanchaiteachais
(rátaí fáis bliantúla agus carnacha, i dtéarmaí ainmniúla)
an Fhionlainn

Blianta		2025	2026	2027	2028
Rátaí fáis (%)	Bliantúil	1,6	1,9	2,6	2,6
	Carnach (*)	5,3	7,4	10,1	13,0

(*) Ríomhtar na rátaí fáis carnacha trí tagairt don bhonnbhliain 2023.

IARSCRÍBHINN II

Sraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh 7 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin
an Fhionlainn

	Príomhchuspóir	Tuairisc agus uainiú na bpríomhchéimeanna[12]	Táscairí faireacháin
Samhail Nordach na seirbhísí fostaíochta a thabhairt isteach (Beart den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana: Tagairt i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne - P3C1R1)	Is é cuspóir an bhirt athchóiriú a dhéanamh ar phróiseas na seirbhísí poiblí fostaíochta.	1. Faoi R2 2022: Teacht i bhfeidhm an Achta um Sheirbhísí Poiblí Fostaíochta agus Gnó lena rialaítear samhail Nordach na seirbhísí fostaíochta le haghaidh phróiseas seirbhíse an chuardaitheora	Comhlíonadh sásúil gharspriocanna agus spriocanna ábhartha an phlean téarnaimh agus athléimneachta, mar atá, 77, 78, agus 79

[12] Uainiú bhearta an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, tá an t-uainiú sin táscach agus comhfhreagraíonn sé do ghealltanais sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ábhartha ón gComhairle.

		poist, mar a thagraítear i nGarsprioc 77 2. Faoi R4 2023: Méadú ar líon bliantúil na n-agallamh cuardaigh poist a dhéantar i gcomhréir le samhail Nordach na seirbhísí fostaíochta, ó 783 070 go 2 000 000, mar a thagraítear i Sprioc 78 3. Faoi R4 2023: Déantar na cúig fheidhmiúlacht dhigiteacha uile a cheanglaítear le samhail Nordach na seirbhísí fostaíochta a chomhtháthú i gcóras faisnéise na seirbhísí poiblí fostaíochta (TE-PES) agus tá siad oibríochtúil, mar a thagraítear i nGarsprioc 79	
Deireadh a chur le laethanta breise de liúntas dífhostaíochta (Beart den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana: Tagairt i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne - P3C1R2)	Is é cuspóir an athchóirithe fostaíocht a chothú trí dheireadh a chur le dídhreasachtaí chun oibre do dhaoine scothaosta agus spriocdhíriú iomarcaíochtaí ar fhostaithe scothaosta a mhaolú	1. Faoi R2 2023: Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Shlándáil Dífhostaíochta maidir le deireadh a chur de réir a chéile le laethanta breise de shlándáil dífhostaíochta, mar a thagraítear i nGarsprioc 80.	Comhlíonadh sásúil gharsprioc ábhartha 80 an phlean téarnaimh agus athléimneachta
An t-athchóiriú ar leas sóisialta agus ar chúram sláinte a ullmhú chun tacú le cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim (Beart den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana: Tagairt i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne - P4C1R1)	Mar chuid d'ullmhú an athchóirithe ar sheirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte, is é cuspóir an bhirt sin feabhas a chur ar inrochtaineacht seirbhísí sláinte agus sóisialta trí chur chun feidhme na ráthaíochta cúraim a chur chun cinn.	1. Faoi R3 2021: Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil tosaigh lena mbunaítear limistéir leasa (contaetha seirbhísí folláine) agus lena n-athchóirítear na seirbhísí sóisialta, cúraim sláinte agus tarrthála, mar a thagraítear i nGarsprioc 133. 2. Faoi R1 2023: Teacht i bhfeidhm	Comhlíonadh sásúil gharspriocanna ábhartha 133 agus 134 an phlean téarnaimh agus athléimneachta

		an chreata dhlíthiúil bhreise lena gcuirtear i gcrích bunú limistéir leasa (contaetha seirbhísí folláine) agus an t-athchóiriú ar na seirbhísí sóisialta, cúraim sláinte agus tarrthála, mar a thagraítear i nGarsprioc 134 3. Faoi R2 2023: Limistéir leasa réigiúnacha a oibríochtú (contaetha seirbhísí folláine) a bhfuil an acmhainneacht iontu freagracht a ghlacadh as seirbhísí sóisialta, sláinte agus tarrthála a eagrú mar a thagraítear i nGarsprioc 134	
Nuálaíocht dhigiteach a thabhairt isteach i réimse na seirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte (Beart den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana: Tagairt i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne - P4C1I4)	Is é cuspóir na hinfheistíochta sin réitigh dhigiteacha a sholáthar chun tacú le forbairt seirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte, agus chun cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim a chur chun cinn.	1. Faoi R4 2025: Méadú ar an sciar den daonra a úsáideann ríomhsheirbhísí leasa shóisialaigh agus cúraim sláinte ó 26 % (bunlíne 2020) go 35 % mar a thagraítear i nGarsprioc 139	Comhlíonadh sásúil gharsprioc ábhartha 139 an phlean téarnaimh agus athléimneachta
Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí fuinnimh nua (Beart den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana: Tagairt i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne - P1C1I2)	Rannchuidiú le sprioc na Fionlainne neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2035 trí spreagadh a thabhairt teicneolaíochtaí glana nua a thabhairt isteach le haghaidh táirgeadh agus úsáid fuinnimh.	1. Faoi R4 2021: Foilsiú an chéad ghlao ar iarratais ar infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí fuinnimh nua mar a thagraítear i nGarsprioc 6 2. Faoi R4 2023: Dámhachtain na ndeontas uile le haghaidh infheistíochtaí i dteicneolaíocht fuinnimh mar a thagraítear i nGarsprioc 7 3. Faoi R2 2026: 4 thionscadal ar a laghad dá dtugtar tacaíocht a chur i	Comhlíonadh sásúil gharspriocanna spriocanna ábhartha 6, 7 agus 8 an phlean téarnaimh agus athléimneachta

		gcrích mar a thagraítear i Sprioc 8	
Hidrigin ísealcharbóin, agus gabháil agus úsáid carbóin (Beart den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana: Tagairt i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne - P1C2I1)	Is é is aidhm don infheistíocht forbairt an táirgthe agus na stórála hidrigine glaine ar scála tráchtála a chur chun cinn.	1. Faoi R4 2021: Foilsiú an chéad ghlao náisiúnta ar iarratais chun hidrigin astaíochtaí ísle a tháirgeadh agus a úsáid, chomh maith le dé-ocsaíd charbóin a ghabháil agus a úsáid mar a thagraítear i nGarsprioc M16 2. Faoi R4 2025: Comhaontú Cur Chun Feidhme 3. Faoi R2 2026: Tá an infheistíocht déanta ag an Aireacht mar a thagraítear i nGarsprioc 17 4. Faoi R2 2026: Síníodh comhaontuithe dlíthiúla le tairbhithe deiridh mar a thagraítear i Sprioc 18 5. Faoi R2 2026: EUR 127 000 000 a aistriú chuig Business Finland mar a thagraítear i nGarsprioc 18bis	Comhlíonadh sásúil gharspriocanna agus spriocanna ábhartha an phlean téarnaimh agus athléimneachta, mar atá, 16, 17, 18, agus 18bis.
Príomhábhair agus taobhshruthanna tionsclaíocha a athúsáid agus a athchúrsáil (Beart den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana: Tagairt i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne - P1C2I3)	Is é is aidhm don bheart geilleagar ciorclach a chur chun cinn ina n-athúsáidtear agus ina n-athchúrsáiltear taobhshruthanna tionsclaíocha agus sruthanna dramhaíola agus príomhábhair eile amhail ábhair cheallra, plaistigh, teicstílí, pacáistíocht, trealamh leictreach agus leictreonach, ábhair thógála agus scartála.	1. Faoi R4 2021: Foilsiú an chéad ghlao ar iarratais ar thionscadail infheistíochta lena gcuirtear athúsáid ábhar dramhaíola agus taobhshruthanna chun cinn, mar a thagraítear i nGarsprioc 22 2. Faoi R4 2023: Dámhachtain na ndeontas uile do na tionscadail athúsáide agus athchúrsála mar a thagraítear i nGarsprioc 23 3. Faoi R2 2026: 10 dtionscadal dá dtugtar tacaíocht a	Comhlíonadh sásúil gharspriocanna agus spriocanna ábhartha an phlean téarnaimh agus athléimneachta, mar atá, 22, 23, agus 24.

		chur i gcrích mar a thagraítear i Sprioc 24	
Pacáiste cistiúcháin TFN lena gcuirtear an t-aistriú glas chun cinn – Príomhchuideachtaí (Beart den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana: Tagairt i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne - P3C3I1)	Is é cuspóir na hinfheistíochta tacú le comhpháirtíochtaí agus éiceachórais (trí scéim arna bainistiú ag Business Finland) idir cuideachtaí agus eagraíochtaí taighde eile a neartaíonn iomaíochas gnó agus a chuireann feabhas ar éifeachtacht gníomhaíochtaí Taighde & Forbartha.	1. Faoi R2 2022: Foilsiú glao ar iarratais le haghaidh thionscadail na bpríomhchuideachtaí mar a thagraítear i nGarsprioc 100 2. Faoi R4 2023: 5 dheontas a dhámhachtain le haghaidh thionscadail na bpríomhchuideachtaí mar a thagraítear i nGarsprioc 101 3. Faoi R4 2025: 90 % de thionscadail na bpríomhchuideachtaí a chur i gcrích mar a thagraítear i nGarsprioc 102	Comhlíonadh sásúil gharspriocanna agus spriocanna ábhartha an phlean téarnaimh agus athléimneachta, mar atá, 100, 101, agus 102.
Infheistíochtaí i mbonneagar fuinnimh (Beart den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana: Tagairt i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne - P1C1I1)	Is é cuspóir na hinfheistíochta feabhas a chur ar na creatchoinníollacha chun infheistíocht san fhuinneamh glan a mhealladh, agus béim á leagan ar chomhtháthú an chórais fuinnimh, ar an stóráil fuinnimh agus ar iompar. Beidh an infheistíocht ina tacú le tionscadail lena gcuirtear tógáil bonneagair fuinnimh chun cinn, agus béim á leagan ar an méid seo a leanas: I) eangacha leictreachais agus acmhainneacht tarchurtha leictreachais; II) infheistíochtaí chun córais fuinnimh a chomhtháthú agus barrachas teasa agus fuíollteas a tháirgeadh, a tharchur agus a úsáid i líonraí téimh ceantair; III) gáis ísealcharbóin, lena n-áirítear hidrigin, bithghás agus bithmheatán a iompar.	1. Faoi R4 2021: Foilsiú an chéad ghlao ar iarratais le haghaidh tionscadail a bhaineann le bonneagar fuinnimh mar a thagraítear i nGarsprioc 3 2. Faoi R4 2024: Dámhachtain na ndeontas uile le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagar fuinnimh mar a thagraítear i nGarsprioc 4 3. Faoi R2 2026: 4 dtionscadal ar a laghad dá dtugtar tacaíocht a chur i gcrích mar a thagraítear i Sprioc 5]	Comhlíonadh sásúil gharspriocanna agus spriocanna ábhartha an phlean téarnaimh agus athléimneachta, mar atá, 3, 4, agus 5.
Coigeartuithe ar fheidhmeanna agus nósanna imeachta na gcontaetha seirbhísí folláine	Is é is aidhm do na bearta sin soláthar iomchuí seirbhísí a áirithiú agus	1. Faoi R2 2024: Comhairliúcháin	Céimeanna 1, 2 agus 4 i) Na húdaráis tuairisciú a

bunaithe (Athchóiriú tionlacain P4C1R1 sa phlean téarnaimh agus athléimneachta)	bainistíocht fhónta airgeadais á cosaint an tráth céanna	leis na páirtithe leasmhara maidir le bearta ábhartha lena gceadaítear go sonrach an méid seo a leanas: i) coigeartuithe ar leibhéil foirne i gcúram cónaithe agus athruithe ar speisialtóireacht foirne; ii) coigeartuithe ar tháillí custaiméirí ar chúram sláinte, agus iii) soiléiriú ar raon feidhme agus ar mheasúnú tionchair an Achta um Sheirbhísí Míchumais; 2. Faoi R4 2025: Gach contae seirbhísí folláine pleananna a bhunú, lena n-áirítear: i) úsáid níos fearr a bhaint as áitribh agus as líonra seirbhísí; ii) úsáid níos leithne a bhaint as soláthairtí láraithe; iii) iomaíocht i soláthairtí poiblí a fheabhsú. 3. Faoi R4 2025: Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha ábhartha a bhaineann le dualgais na gcontaetha seirbhísí folláine, amhail • leibhéil íosta foirne i gcúram cónaithe agus athruithe ar speisialtóireacht foirne • táillí custaiméirí ar chúram sláinte 4. Faoi R4 2026: i) ceartú easnamh na gcontaetha seirbhísí folláine atá carntha ó 2023, agus ii) méadú ar éifeachtacht seirbhísí trí raon na	dhéanamh Céimeanna 3 agus 4 ii): Teacht i bhfeidhm na leasuithe reachtacha ábhartha..

		seirbhísí i gcúram leighis speisialaithe a chuíchóiriú.	
Athchóiriú cuimsitheach ar chúnamh sóisialta (beart nua)	Is é is aidhm don bheart feabhas a chur ar dhreasachtaí chun oibre trí shoiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha chun cúnamh sóisialta a fháil agus a mhéid a choigeartú bunaithe ar imthosca oibiachtúla maidir le faighteoir an chúnaimh shóisialta.	1. Faoi R3 2025: Measúnú tionchair a chur i gcrích. 2. Faoi R3 2025: Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara a chur i gcrích. 3. Faoi R4 2025: Vótáil a dhéanamh ar an reachtaíocht	Céimeanna 1 agus 2: Tuairisciú ó na húdaráis Céim 3: Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena soiléirítear soláthar an chúnaimh shóisialta.
Athchóiriú cuimsitheach ar an tslándáil shóisialta agus ar an tsamhail sochair aonair (beart nua)	Is éard atá i gceist leis an mbeart córas a thabhairt isteach atá bunaithe ar shochar sóisialta aonair mar bhealach chun córas na sochar sóisialta a shoiléiriú agus a shimpliú agus chun daoine atá incháilithe do thacaíocht a shainaithint ar bhealach níos fearr.	1. Faoi R3 2025: Measúnú tionchair a chur i gcrích. 2. Faoi R3 2025: Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara a chur i gcrích. 3. Faoi R4 2025: Vótáil a dhéanamh ar an reachtaíocht	Céimeanna 1 agus 2: Tuairisciú ó na húdaráis Céim 3: Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena mbunaítear an sochar sóisialta aonair

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán